CUSPÓIR CRIOSAITHE TALAMHÚSÁIDE Z15:

15.10.14; Cosaint a thabhairt agus soláthar a dhéanamh d'úsáidí institiúideacha agus pobail.

Cuspóir Criosaithe Talamhúsáide Z15:

Cosaint a thabhairt agus soláthar a dhéanamh d'úsáidí institiúideacha agus pobail agus a chinntiú go dtabharfar cosaint do na conláistí atá ann.

Is réimsí móra talún i gcoitinne iad seo, agus is foirgnimh agus tailte iad a bhfuil a bhformhór sna bruachbhailte. Is éard a bhíonn san áireamh i gcoitinne le húsáidí reatha na dtailte forbairt a bhaineann leis an bpobal, lena n-áirítear scoileanna agus coláistí, institiúidí cónaithe agus institiúidí cúram sláinte amhail ospidéil agus príosúin. Tá foirgnimh a ngabhann tréithe éagsúla leo ar na tailte Institiúideacha agus Pobail, ó institiúidí ar thailte oscailte go mórláithreacha d'fhoirgnimh feidhmiúcháin bhunaithe. Is minic a bhíonn gníomhaíochtaí coimhdeacha agus teagmhasacha ar siúl iontu don phobal áitiúil mar shampla leas a bheith á bhaint as cuid den suíomh le haghaidh áineasa nó seomraí a bheith in úsáid le haghaidh cruinnithe áitiúla.

Tá na tailte seo tábhachtach ó thaobh níos mó dlúis a bheith faoin gcathair mar go mbunaítear comharsanachtaí beoga dá mbarr rud a chuidíonn le dea-nascthacht agus inbhuanaitheacht na cathrach mar gheall ar an soláthar bonneagair amhail scoileanna, ospidéil agus spásanna oscailte. Tá institiúidí, amhail ospidéil agus saoráidí oideachais atá tábhachtach don tír sa chathair freisin, agus faoi mar a luaitear i gCuid 15.1 (Prionsabail an Chriosaithe), is é beartas na Comhairle comhoibriú leo d'fhonn riachtanais fhadtéarmacha straitéiseacha na cathrach agus na tíre a chur chun cinn.

Maidir le togra forbartha ar bith ar na tailte seo, ba chóir an acmhainn atá acu cur le forbairt líonra ghlais straitéisigh a mheas (féach Caibidil 6 freisin). De bhreis ar sin, féachfaidh forbairt ag imlíne an tsuímh atá tadhlach le forbairt chónaithe láithreach don airde mar atá san fhorbairt chónaithe láithreach agus do na caighdeáin i gcuid 17.9 maidir le treoíocht, solas nádúrtha, solas na gréine, leagan amach agus spás oscailte príobháideach, agus i gcuid 15.9 maidir le hathruithe géara scála sa chriosú.

I gcás úsáid institiúideach agus/nó phobail a bheith ann cheana ceanglófar ar aon úsáid bheartaithe maidir le 'húsáidí inbhreithnithe' ar chuid den gabháltas a thaispeáint don Údarás Pleanála cé mar a bheidh an togra i gcoitinne de réir aidhmeanna an chuspóra chriosaithe agus cé mar a chuideoidh sé leis na haidhmeanna sin a bhaint amach; cé mar a chinnteoidh sé go gcoinneofar na príomhúsáidí institiúideacha agus pobail ar na tailte, lena n-áirítear spás le haghaidh aon leathnú riachtanach ar na húsáidí sin; cé mar a chinnteoidh sé go gcoinneofar an spás oscailte láithreach e.g. páirceanna imeartha do scoileanna; agus agus an bealach ina mbeidh cineál agus scála an togra comhtháite leis na tailte mórthimpeall atá criosaithe Z15. Féachfaidh riachtanas an spáis oscailte i gcoitinne i ndáil leis na tailte a bheidh le forbairt d'fhorálacha an phlean forbartha agus cuirfidh sé cineál na forbartha bheartaithe san áireamh. B'fhéidir go gcabhródh máistirphlean lena thaispeáint cé mar a d'fhéadfaí na riachtanais atá san alt seo a shásamh.

Níl máistirphlean de riachtanas i gcás mionfhorbairtí a bhainfeadh leis an úsáid láithreach nó nuair a bhainfeadh an fhorbairt bheartaithe leis an úsáid phobail agus institiúideach láithreach a mhéadú agus a d'fheabhsódh na saoráidí.

I gcás nach ann feasta don riachtanas d'úsáid institiúideach agus phobail láithreach (amhail scoil, nó ospidéal) ar thailte atá criosaithe Z15 agus i gcás go mbeadh an talamh le hathfhorbairt, go hiomlán nó go páirteach d'úsáidí inbhreithnithe (amhail úsáidí cónaithe) agus/nó úsáidí eile lena n-áirítear úsáidí incheadaithe, ansin don togróir agus/nó don úinéir máistirphlean a ullmhú // ullmhóidh an togróir agus/nó an t-úinéir máistirphlean.

Maidir leis an máistirphlean, beidh ina theannta an fhianaise a thaispeánann don Údarás Pleanála nach ann feasta don riachtanas don úsáid institiúideach agus phobail láithreach ar thailte atá criosaithe Z15.

Agus é á bhreithniú cibé an ann nó nach ann feasta don riachtanas don úsáid láithreach, rachaidh an tÚdarás Pleanála i gcomhairle le húinéir/oibritheoir na n-úsáidí institiúideacha agus pobail láithreach agus leis an soláthróir reachtúil iomchuí (e.g. an Roinn Oideachais agus Scileanna i ndáil le Scoileanna, agus leis an Roinn Sláinte agus le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i ndáil le hOspidéil).

Fólaidh "Úsáid institiúideach agus/nó phobail láithreach", dá dtagraítear thuas an úsáid institiúideach agus phobail dheireanach ar na tailte. D'fhonn amhras a sheachaint, ní chealóidh máistirphlean an gá atá leis na nósanna imeachta maidir le Sárú Ábhartha nó maidir le hAthrú, nósanna a bheadh le leanúint in aon chúinse áirithe, ag brath ar chineál agus scála na hathfhorbartha beartaithe i ndáil leis an gcuspóir criosaithe.

D'fhonn amhras a sheachaint, beidh feidhm ag an riachtanas 20% maidir le tithíocht shóisialta inacmhainne, mar atá leagtha amach sa Straitéis Tithíochta sa Phlean seo, (féach Aguisín 3) maidir le tailte a fhorbairt d'úsáid chónaithe, nó más d'úsáid mheasctha í, maidir leis an gcuid chónaithe amháin faoi réir chuspóir criosaithe Z15.

Riachtanais an Mháistirphlean (nuair nach bhfuil an úsáid láithreach riachtanach feasta)

Maidir leis an máistirphlean, leagfar amach fís shoiléir i gcomhair na dtailte criosaithe Z15, chun soláthar a dhéanamh do 25% de na tailte a shlánchoimeád i gcomhair spás oscailte agus/nó i gcomhair saoráidí pobail (in ionad an 10-20% de spás oscailte poiblí dá ndéantar soláthar in ailt 17.2.3 agus 17.9.1) chun soláthar a dhéanamh sa todhchaí do spás oscailte inrochtana poiblí agus/nó do shaoráidí pobail. Ní gá don riachtanas seo feidhm a bheith leis má bhíonn rian na bhfoirgneamh láithreach thar 50% d'achar iomlán suímh na dtailte institiúideacha i gceist. (Sna cúinsí sin, beidh feidhm leis an riachtanas caighdeánach, is é sin 10% de spás oscailte poiblí). Ní mór gnéithe tírdhreacha, a choinneoidh saintréith oscailte, na dtailte criosaithe Z15, a bheith tugtha san áireamh sa mháistirphlean. Ní mór dó a chinntiú freisin go soláthrófar an spás ar bhealach a bheidh ceaptha d'fhonn úsáid phoiblí a bhaint as sa todhchaí agus d'fhonn cosaint a thabhairt do shaoráidí spóirt agus áineasa láithreach, atá ar fáil go formhór d'úsáid phobail. Ní roinnfear an 25% de spás oscailte poiblí, murar gá a mhalairt a dhéanamh seachas sin mar gheall ar thréithe an tsuímh, agus is tírdhreachú bog a bheidh oiriúnach ó thaobh áineasa agus taitneamhachta de is mó a bheidh ann agus ba cheart go gcuirfeadh sé leis an líonra glas straitéiseach agus go bhféadfaí bealaí a oscailte eatarthu. Más féidir é sin a dhéanamh cuirfear san áireamh é sa riachtanas i ndáil leis an spás oscailte.

CUSPÓIR CRIOSAITHE Z15:

Úsáidí Incheadaithe

ATM, Foirgnimh le haghaidh sláinte, sábháilteacht agus leas an phobail, Saoráid Cúram Leanaí, Saoráid Phobail, Foirgneamh agus úsáidí le haghaidh cúrsaí cultúrtha/áineasa, Oideachas, Comhairligh Leighis agus comhairligh lena mbaineann, Spás oscailte, Ionad adhartha phoiblí, Suiteáil seirbhíse poiblí, Institiúid chónaithe.

Úsáidí Inbhreithnithe

Leaba agus bricfeasta, Carrchlós ag gabháil leis an bpríomhúsáid, Ionad Comhdhála, Teach Tórraimh, Teach Aíochta, Brú, Óstán, Galfchúrsa Cathrach, Cóiríocht Chónaithe, Cóiríocht do Mhic Léinn, Saoráid Oiliúna.

Alt 15.2, pointe le hurchar 2:

Cuir isteach tar éis 67,000 aonad cónaithe sa chathair; “agus chun cinntiú go mbeidh dóthain ann chun riachtanais na bpobal cónaithe láithreach agus todhchaíoch, go háirithe i ndáil le scoileanna, ospidéil agus gníomhaíochtaí áineasa a shásamh.”

Alt 15.3, pointe deiridh le hurchar:
Cuir isteach; “agus Z15”.

Alt 15.4, alt 2:
Cuir isteach; “agus Z15”.

Tábla 15.1:
Cuir isteach; “Z15 Institiúideach agus Pobal”

Alt 16.2.10:
Cuir isteach sa cheannteideal; “Tailte Institiúideacha agus Pobail”

Alt 17.2.3, alt 1:
Cuir isteach; “agus tailte institiúideacha agus pobail (Z15).

Alt 17.2.3, alt 2:
Cuir isteach; “Is 25% de spás oscailte poiblí agus/nó soláthar do shaoráidí pobail an riachtanas a bheidh ann maidir leis na tailte Z15.”

Alt 17.4, COIBHNEAS NA GCEAPACH:
Cuir isteach; “Z15 Institiúideach agus Pobal” 0.5 - **2.5**

Alt 17.5, CUMHDACH AN tSUÍMH
Cuir isteach; “Z15 Institiúideach agus Pobal”**50%”**